An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ag filleadh ar scoil
# Treoir don teagasc agus don fhoghlaim
## *Naíonáin Shóisir – Rang a 2*
**Márta 2021**

Cuireann an doiciméad seo comhairle phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí agus scoileanna ag tosú athuair ar an bhfoghlaim aghaidh ar aghaidh do dhaltaí ó naíonáin shóisir go rang a dó. Ba chóir é a léamh i dteannta le treoir atá foilsithe cheana ar theagasc agus foghlaim i gcomhthéacs COVID-19 atá ar fáil ag gov.ie/backtoschool

Dé réir mar a bhíonn daltaí ag filleadh ar scoil, ba chóir do mhúinteoirí:

- Am a thabhairt do dhaltaí le socrú ar ais ar scoil agus le dul i dtaithí ar nósanna imeachta agus ar ghnáthaimh na scoile
- A bheith solúbtha maidir le freastal ar na riachtanais éagsúla a eascróidh ó eispéiris na cianfhoghlama: fad ceachtanna a oiriúnú; leideanna amhairc a úsáid chun tacú le gnáthaimh
- Modheolaíochtaí foghlama gníomhacha, súgradh-bhunaithe a úsáid chun tacú leis an aistriú ar ais chuig an fhoghlaim ar scoil
- Atmaisféar socair, suaimhneach a chruthú do dhaltaí le teanga dhearfach agus moladh mar aon le deiseanna do dhaltaí chun a riachtanais a chur in iúl
- Éisteacht ghníomhach agus scileanna dírithe a chothú agus foghlaim phiaraí agus machnamh a spreagadh
- Breathnóireacht mar aon le tuairimí tuismitheoirí/daltaí a chur san áireamh nuair a bhíonn riachtanais daltaí don litearthacht agus don uimhearthacht á meas


### Cuir chuige teagaisc agus foghlama

- Bí cinnte go mbíonn an deis ag daltaí súgradh agus sóisialú de réir threoir sláinte poiblí
- Cruthaigh deiseanna do dhaltaí don chaint agus don phlé, chun caidrimh a athbhunú agus chun tacú leis an bhfoghlaim ar fud an churaclaim – scéalta a úsáid go minic, léamh os ard agus am a chur ar fáil gach lá don chaint
- Seachain ró-úsáid na gcur chuige múinteoir-threoraithe agus teagascach i leith an teagaisc agus na foghlama mar iarracht 'teacht suas' nó 'am atá caillte a chúiteamh'
- Bíodh daltaí gafa le heispéiris foghlama fiosrú-bhunaithe agus praiticiúil chun a spéis a mhúscailt, iad a spreagadh chun foghlama agus torthaí foghlama dearfacha a thacú
- Tabhair deiseanna do dhaltaí chun an Ghaeilge a chloisteáil, a úsáid agus a dhaingniú le modhanna múinte idirghníomhacha (spraoi, rólimirt, drámaíocht, ceol, rainn, dánta agus amhránaíocht)
- Tóg na daltaí lasmuigh agus chuig áiseanna áitiúla chun an fhoghlaim a bhreisiú, tacú leis an bhfadú sóisialta, gníomhaíocht fhisiceach a chothú agus cuidiú le folláine dhearfach. Tá seimineáir ghréasáin faoi fhoghlaim lasmuigh a chruthaigh an CNCM ar fáil anseo
- Cothaigh comharfhoghlaim le deiseanna do dhaltaí a bheith gafa le agus foghlaim ó smaointe, dearcthaí agus tuairimí daoine eile (mar shampla, bain úsáid as teicneolaíocht nó cláir bhána/marcóirí aonair chun deis a thabhairt do dhaltaí tuairimí a roinnt ar bhealach a chinntíonn fadú sóisialta)
- Bain úsáid as cuir chuige comhtháite agus téamacha chun an curaclam iomlán a sholáthar, chun eispéiris foghlama cruthaitheacha agus taitneamhacha a thacú agus chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chumasc le léiriú cruthaitheach agus le hiniúchadh eolaíoch

### Ag tacú leis na riachtanais foghlama a bhíonn ag teacht chun cinn

Mar bhonn eolais don teagasc agus don fhoghlaim agus chun daltaí a aithint do thacaíocht bhreise, ba chóir do mhúinteoirí leas a bhaint as:

- Breathnóireacht múinteoirí
- Ceisteanna a chur
- Comhdháil daltaí
- Tascanna deartha ag an múinteoir
- Tuairiscí ó thuismitheoirí
- Tuairimí na ndaltaí



Contanam Tacaíochta

I gcás fhormhór na ndaltaí, díreofar ar na riachtanais tosaíochta a thagann chun cinn ó thréimhse na cianfhoghlama ag an *Céim Tacaíocht Ranga* den Chontanam Tacaíochta trí ghníomhaíochtaí foghlama a ndéanfar monatóireacht chúramach agus idirdhealaithe orthu agus trí bhuíonteagasc spriocdhírithe. Ba cheart do MOSanna oibriú i gcomhpháirt le múinteoirí ranga chun a dtráthchláir a leasú agus tosaíochtaí nua a aithint lena dheimhniú go ndírítear an tacaíocht ar na daltaí a bhfuil na riachtanais is mó acu.

Níor chóir tástálacha scagtha agus/nó diagnóiseacha a dhéanamh chun riachtanais daltaí a bhfuil dianthacaíocht agus tacaíocht duine le duine breise orthu ag an *Céim Tacaíocht Scoile* ach nuair a bhíonn dóthain ama tugtha do na daltaí chun taithí a fhail arís ar ghnáthamh na scoile.

Teagmháil a dhéanamh, nuair is féidir, le múinteoirí agus CRSanna a chuir an clár forlíontach i bpearsan ar fáil chun faisnéis chuí a bhailiú faoi riachtanais/ dul chun cinn na ndaltaí ábhartha.

Tá fáil ar thacaíochtaí agus ar threoir phraiticiúil do theagasc oideachas speisialta ón gComhairle um Oideachas Speisialta ag: https://ncse.ie/online-resources


An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ag filleadh ar scoil

# Treoir don teagasc agus don fhoghlaim Naíonáin Shóisir – Rang a 2

**Márta 2021**

## Timpeallachtaí sábháilte oibre agus foghlama a chur chun cinn




Ba chóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas faoi Phlean Freagartha athbhreithnithe COVID-19 maidir le hathoscailt shábháilte agus inbhuanaithe scoileanna (nuashonraithe Feabhra 2021), atá ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/#plean-freagartha-covid-19-maidir-le-hathoscailt-shabhailte-agus-inmharthana-bunscoileanna-agus-scoileanna-speisialta

Laghdaigh baol tarchuir COVID-19 sa scoil trí:

- Tuiscint ar na siomptóim a chur chun cinn i measc phearsanra uile na scoile, daltaí, teaghlaigh agus cuairteoirí
- Comhairle a chur ar mhúinteoirí agus ar an bhfoireann gan freastal ar an obair agus féinaonrú mura mbíonn siad ar fónamh nó má aithnítear iad a bheith mar dhlúth-theagmhálaí
- Dromchlaí a bhíonn in úsáid go minic a ghlanadh go smior ar nós barr na mbord, murláin na ndoirse agus nithe a bhíonn in úsáid go minic ar nós bréagáin, ábhair choincréiteacha agus gairis dhigiteacha
- Srian a chur leis an líon cuairteoirí chun na scoile go cuairteanna riachtanacha réamhphleanáilte amháin
- Cúram a ghlacadh gan boilgeoga ranga a bheith ag meascadh le boilgeoga ranga eile
- Meabhrú do thuismitheoirí gan a leanaí a chur ar scoil má bhíonn amhras orthu nó má dearbhaíodh COVID-19 acu féin nó ag baill eile den teaghlach
- Leanúint le dea-shláinteachas, cumhdaigh aghaidhe nuair is gá, béasaíocht riospráide a chur chun cinn le meabhrúcháin curtha ar fud na scoile
- Spásanna a bhíonn á roinnt a bhainistiú go cúramach, ar nós seomraí foirne agus pasáistí, agus na riachtanais a bhaineann le fadú sóisialta a chur i gcuimhne don fhoireann (2 metres)
- A bheith airdeallach agus fadú sóisialta a chur chun cinn ag pointí fágála agus bailithe leanaí agus cur in aghaidh daltaí/tuismitheoirí a bheith ag bailiú ag geataí na scoile ag aon am i rith an lae

## Teicneolaíochtaí digiteacha

Ba cheart go leanfaí le scileanna digiteacha a sealbhaíodh mar thoradh ar fhorbairt agus ar fheabhsú na n-eispéireas cianfhoghlama de réir mar a fhilleann daltaí ar scoil. Ba chóir daltaí a spreagadh le leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as ardáin foghlama ar líne chun tacú leis an bhfoghlaim de réir mar is cuí.

- Deiseanna a uasmhéadú chun scileanna digiteacha a fhorbairt le cur ar chumas daltaí gnéithe ardáin ar líne a úsáid chun a lánacmhainneachta
- Úsáid a bhaint as punanna digiteacha a forbraíodh, nuair a bhí na scoileanna dúnta, chun aiseolas cuiditheach a sholáthar d'fhonn torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí
- Deiseanna a sholáthar do dhaltaí chun oibriú i gcomhpháirt le chéile ar thascanna digiteacha ina mbíonn a gcuid oibre á chruthú, á roinnt agus á phlé
- Leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú le comhpháirtíocht agus cumarsáid idir an scoil agus an baile
- Breathnú maidir le taifeadtaí digiteacha d'ábhair foghlama a úsáid, lena n-áirítear amhráin, rainn, dánta, frásaí agus samplaí léitheoireachta chun foghlaim sa bhaile a spreagadh agus a éascú
- Tacaíocht bhreise ar fáil ag: pdst.ie/DistanceLearning/DigTech

## Ceisteanna coitianta

**Conas is féidir le daltaí rainn agus amhráin a fhoghlaim go sábháilte chun tacú leis an litearthacht agus an uimhearthacht?**
*Ba chóir amhránaíocht sa seomra ranga a sheachaint. Is féidir leis tarlú lasmuigh, nuair a bhíonn daltaí scartha go sóisialta. Mar mhalairt air sin, is féidir le daltaí éisteacht le hamhráin agus le rainn ar scoil agus iad a chanadh sa bhaile.*

**Conas is fearr a eagróidh múinteoirí oideachas speisialta tacaíocht do dhaltaí le linn na hathoscailte céimnithe?**
*Ba cheart do MOSanna oibriú ón scoil chun tacú le gach dalta ar a líon cásanna, i bpearsan agus go cianda araon, ag baint úsáid as modheolaíochtaí a bhaineann an leas is fearr as an spás agus as na hacmhainní teagaisc atá ar fáil, agus iad ag cloí ag an am céanna le fadú sóisialta agus le sláinteachas.*

**An féidir le cóitseálaithe seachtracha tacú leis an bhfoghlaim i gcorpoideachas?**
*Is faoi rogha an bhoird bhainistíochta cóitseálaithe nó teagascóirí seachtracha a úsáid, ach ba chóir a bheith sásta go ndéantar grinnfhiosrú ar na cuairteoirí seo, go gcloíonn siad le comhairle sláinte poiblí, go gcuireann a gceanneagraíochtaí oiliúint orthu maidir le COVID-19, agus go gcuireann siad plean freagartha na scoile i bhfeidhm go hiomlán.*

**Conas is cóir amanna sosa agus lóin a eagrú?**
*Ba chóir do dhaltaí fanacht i struchtúr na mboilgeog, scoite amach ó na boilgeoga eile. Ba chóir do scoileanna a bheith an-airdeallach ina leith seo. Más gá, ba chóir na hamanna sosa a eagrú go céimnithe chun tacú leis seo.*

**An féidir le hábhair oidí leanúint leis an obair i ranganna?**
*Is féidir, agus ba chóir dóibh na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta céanna a leanúint agus atá ag baill foirne eile sa scoil.*

FSS Beo: 01 240 8785
Cúnamh sláinte poiblí do phríomhoidí

Tacaíocht churaclaim:
inspectorateadvisory@education.gov.ie